Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2017

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Gearmáinis

Ardleibhéal

## Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:**

- Maidir le gach roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le nathanna cainte, frásaí agus focail a bhfuil a gciall cosúil leo siúd atá ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.

- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

- Léiríonn **tulslais** / roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla, mar sin.

- Léiríonn **lúibíní cruinne** ( ) ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

- Tá eolas **<u>a bhfuil líne faoi</u>** riachtanach chun an marc iomlán a bhaint amach.

- Ba cheart freagraí cealaithe a chur san áireamh sa chás nár tugadh aon fhreagra eile. I gcás go bhfreagraíonn iarrthóir ceist níos mó ná uair amháin, glac leis an gcéad fhreagra agus sin amháin. I gcás ina bhfuil freagraí i dteanga seachas an teanga a sonraíodh: bronn leathmharcanna.

**Socruithe Réasúnta**

Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe den ghramadach. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm mar atá leagtha amach ar leathanaigh 19 agus 23 den scéim mharcála.

**TRIAIL CHLUASTUISCEANA:** **(80 marc: 26, 14, 21, 19)**

**Cuid a hAon: Agallamh** **(26 marc: 6, 12, 4, 4)**

**I gcás go bhfuil freagraí i nGearmáinis: bronn leathmharcanna.**

**1.** **(6 mharc: 3 x 2 mharc)**
*Tá Herr Schütz i bhfeighil ar líne chabhrach sa Ghearmáin ar a dtugtar 'Nummer gegen Kummer'. Tabhair sonraí faoin tseirbhís.*

**(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)**
(a) saor in aisce
(b) ar fud na tíre
(c) do leanaí / dhaoine óga
(d) le himní / fadhbanna // ag iarraidh labhairt le duine éigin
(e) ar fáil Luan go Satharn
(f) óna 2 go 8 i.n.
(g) is í 116 111 an uimhir
(h) (timpeall) aon mhilliún duine ag glaoch / duine óg ag glaoch gach bliain

**2.** **(12 mharc: (i) 3 x 2 mharc; (ii) 3 x 2 mharc)**
**(i)** *Cén fáth a mbaineann an oiread sin daoine úsáid as an tseirbhís? Tabhair sonraí.*

**(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)**
(a) ní gá a n-ainmneacha a thabhairt.
(b) ní féidir uimhir an duine atá ag glaoch a fheiceáil.
(c) féadfar a bheith muiníneach nach sceithfear eolas.
(d) déanann an té a ghlaonn cinneadh cén fhadhb / tsaincheist le plé.
(e) cinneann sé/sí chomh fada is atá an glaoch.
(f) cinneann sé/sí cén chéad chéim eile a bheidh ann.
(g) mothaítear go bhfuil duine ann le héisteacht leo // tá am ag duine éigin dóibh

**(ii)** *Cad iad na ceisteanna a tharraingíonn lucht úsáidte na seirbhíse anuas? Tabhair sonraí.*

**(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)**
(a) an chéad ghrá
(b) collaíocht
(c) pian an ghrá
(d) coimhlintí sa teaghlach
(e) argóintí le cairde
(f) drugaí
(g) brú le feidhmiú sa scoil / marcanna maithe a fháil
(h) imní faoin todhchaí
(i) bulaíocht ar scoil / ar líonraí sóisialta/cibearbhulaíocht

**3.** **(4 mharc: (i) 2 x 1 mharc; (ii) 1 x 2 mharc)**

**(i)** *Cén t-eolas a thugtar faoi na baill den fhoireann?*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 1 mharc)**

(a) 4000 ball foirne
(b) oibrithe deonacha
(c) le hoiliúint speisialta
(d) i 96 baile / cathair
(e) idir 16-21/daoine óga atá i <u>300</u> ball foirne

**(ii)** *Conas a thosaíonn roinnt de na glaoiteoirí an comhrá?*

**(Aon cheann amháin: 2 mharc)**

(a) <u>ordaíonn</u> siad píotsa **(An focal 'píotsa' amháin = 0)**
(b) canann siad (go hard)

**4.** **(4 mharc: 2 x 2 mharc)**

*Conas is féidir le lucht úsáidte na seirbhíse teacht uirthi ar líne? Tabhair sonraí.*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)**

(a) <u>glaoigh</u> orthu ar líne / tríd an suíomh gréasáin / nummergegenkummer.de
(b) <u>oscail</u> cuntas (úsáideora le pasfhocal / logáil isteach sábháilte)
(c) úsáid Comhrá Beo
(d) ríomhphost

**Cuid a Dó: Glaoch gutháin** **(14 mharc: 8, 6)**

**I gcás go bhfuil freagraí i mBéarla/nGaeilge, bronn leathmharcanna.**

1. **(8 marc: 2+1+1+2+2 mharc)**
Scríobh síos **i nGearmáinis** na príomhphointí a bhreacann an duine a fhaigheann an glao ina nóta faoin gcomhrá **(na príomhfhocail, gan abairtí iomlána)**.

**Anruf von:** (Birgit) H–A–L–L–H–U–B–E–R **(2)** **(Iomlán nó faic)**

**Problem:**
- Doppelbuchung // Feier / Party nicht wie geplant möglich **(1)**
- Feier verschieben// Sonntag / 28. Juli statt Samstag / 27. Juli **(1)**

**Die Anruferin:**
- erhält bis zum Ende des Tages einen Rückruf **(2)**

**Iomlán nó faic:**
Kontaktnummer: 0165–35 99 722 **(2)**

2. **(6 mharc: 4, 1, 1 mharc)**
*Agus tú ag éisteacht leis an nglao den* ***tríú*** *huair, scríobh síos trí shampla den* ***teanga (= nathanna cainte agus frásaí)*** *a úsáidtear sa chomhrá a thaispeánann* ***go nglacann*** *an glaoiteoir* ***an fhreagracht.***

**Trí cinn ar bith; níl aon mharcanna ag dul do thuin chainte/iontonú gan tagairt do nathanna agus frásaí ar leith. Glac le: frása cruinn/beacht nó athinsint chruinn ar nathanna cainte san aistriúchán:**

(a) Es tut mir (schrecklich) Leid. / Tá (an-)bhrón orm.
(b) (Der) Fehler liegt ganz auf unserer Seite. / Is orainn atá an locht ar fad.
(c) ...da haben wir aus Versehen zwei Feiern reserviert/ Ghlacamar le dhá áirithint trí thimpiste/dhearmad.
(d) Ich habe schon mit dem Besitzer gesprochen. / Labhair mé leis an úinéir cheana.
(e) <u>Machen Sie sich</u> (darüber) keine Sorgen. / Ná bíodh imní ort faoi sin.
(f) Darum kümmern wir uns... / ... féachfaimid chuige sin.
(g) Bus auf Kosten unseres Hauses natürlich / Bus saor in aisce / íocfaimid as.
(h) Entschuldigen Sie (nochmals die Planänderung). / Mo leithscéal (arís as an athrú sa phlean).

**Cuid a Trí: Comhrá** **(21 marc: 5, 7, 7, 2)**

**1.** **(5 mharc: (i) 1 x 1 mharc; (ii) 2 x 2 mharc)**

**(i)** *Is comhrá é*

*(c)* idir bheirt mhac léinn **(1)**

**(ii)** *Aimsigh **dhá** rud sa chomhrá a thacaíonn le do rogha.*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc) (Glactar le hathfhriotal cuí i nGearmáinis)**

(a) " …ár saoire i rith saoire seimeastair / téarma. (… unseres Urlaubs in den Semesterferien.)
(b) Tagraíonn sí dá scrúduithe. (Nach den Prüfungen…)
(c) "Bhí mé ag labhairt le mac léinn eile." (Ich habe… mit einem anderen Studenten gesprochen.)
(d) Deir sé " …anseo ag an ollscoil (bei uns an der Uni)."

**2.** **(7 marc: (1 mharc) + (3 x 2 mharc))**

*Cad atá á phlé acu? Tabhair sonraí*

**Ábhar:**

- laethanta saoire **(1)**

**Sonraí: (Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)**

(a) Teastaíonn uaithi dul chuig an Spáinn / an trá / ar shaoire gréine.
(b) Tá sé ag iarraidh dul ar eachtra.
(c) ag siúl / ag fánaíocht tríd an bPolainn / ón teorainn go Vársá.
(d) fanacht i bpuball.
(e) cócaireacht le gás.
(f) cúrsa marthanachta a dhéanamh roimh ré.
(g) dul ar an traein má bhíonn sé ag cur báistí.
(h) fan / glac scíth lena dheartháir i Vársá.
(i) taitneamh a bhaint as Vársá / príomhchathair na Polainne.

**3.** **(7 marc: (i) 1 x 1 mharc; (ii) 3 x 2 mharc)**

**(i)** *Cén focal is fearr a chuireann síos ar an tslí a mothaíonn an cainteoir baineannach faoin smaoineamh atá ag an gcainteoir fireannach?*

*(b)* amhrasach **(1)**

**(ii)** *Scríobh síos **trí** shonra ón gcomhrá a thacaíonn le do rogha.*

**(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc) (Ceadaigh athfhriotal cuí sa Ghearmáinis)**

(a) Cad atá i gceist agat – eachtra? (Wie – Abenteuer?)
(b) Gabh mo leithscéal?! (Wie bitte?!)
(c) Níl tú aclaí ar chor ar bith! (Du bist doch überhaupt nicht fit!)
(d) Cén uair dheireanach a d'imir tú spórt? (Wann hast du das letzte Mal Sport getrieben?)
(e) Tá tú <u>i gcónaí</u> i do shuí os comhair ríomhaire // ag cóisir. (Du hängst doch <u>ständig</u> vor deinem PC oder bist auf Partys.)
(f) Ceapaim go bhfuil tú as do mheabhair! (Ich glaube, du spinnst!)
(g) An bhfuil a fhios agat cé chomh fada is atá sé sin? (Weißt du überhaupt, wie weit das ist?) // Luann sí an fhad atá i gceist.
(h) Ní bheimid in ann é sin a dhéanamh go brách! (Das schaffen wir nie!)
(i) Níl campáil chomh héasca sin ach oiread. (Zelten ist auch nicht so einfach.)
(j) An bhfuil tú in ann puball a chur in airde / an bhfuil puball agat fiú? (Weißt du z. B., wie man ein Zelt aufbaut? Hast du überhaupt ein Zelt?)
(k) Céard a íosfaimid? (Was werden wir essen?)
(l) Cén chaoi a ndéanfaimid cócaireacht? (Wie werden wir kochen?)
(m) Ní cheapaim gur smaoinigh tú air seo i gceart. (Ich glaube, du hast das nicht bis zum Ende durchdacht.)
(n) Ach céard a dhéanfaimid má bhíonn sé ag cur báistí (an t-am ar fad)? (Aber was machen wir, wenn es (die ganze Zeit) regnet?)

**4.** **(2 mharc: 2 x 1 mharc)**

*Conas a mhíníonn an cainteoir fireannach a rogha?*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 1 mharc)**

(a) Ag iarraidh rud éigin difriúil / eachtra a dhéanamh.
(b) Shiúil mac léinn eile ó Hamburg go München.
(c) Bhí sé i gcónaí ag iarraidh dul go dtí an Pholainn.
(d) Is féidir puball / cócaireán gáis/fearas súilóirí a fháil ar iasacht.
(e) Tá cúrsa marthanachta ag tosú an tseachtain dár gcionn.
(f) in ann traein a thógáil má bhíonn sé ag cur báistí.
(g) <u>in ann fanacht / scíth a ghlacadh</u> lena dheartháir (i Vársá).
(h) in ann taitneamh a bhaint as Vársá/an b-príomhchathair ar feadh cúpla lá.

**Cuid a Ceathair: An Nuacht** **(19 marc: 4, 5, 4, 6)**

**I gcás go bhfuil freagraí i nGearmáinis: bronn leathmharcanna.**

**1.** **(4 mharc: 2 x 2 mharc)**
*Tá tuairisc sa mhír nuachta faoi thionscnamh neamhghnách i gcoinne an chiníochais. Tabhair sonraí.*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)**
(a) tharla sé i rith na hoíche / ó Dé Chéadaoin go Déardaoin
(b) i mbruachbhaile in/ar imeall/i gceantar Hamburg.
(c) rinne ealaíontóir (anaithnid) é
(d) crochadh póstaeir (in aghaidh an chiníochais) // athraíodh fógraí / póstaeir (ag stadanna bus).
(e) chun dlúthpháirtíocht a léiriú le / tacaíocht a thabhairt do theifigh
(f) bhí bhí morshiúlacha den eite dheis sa cheantar.

**2.** **(5 mharc: (i) 2 x 1 mharc; (ii) 3 x 1 mharc)**
**(i)** *Tá ócáid spóirt Quidditch ar siúl sa Ghearmáin. Tabhair* ***dhá*** *shonra.*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 1 mharc)**
(a) Craobh(acha) an Domhain *(Ceadaigh: Corn an Domhain)*
(b) ag <u>deireadh</u> mhí an Mheithimh
(c) i bhFrankfurt
(d) <u>donchéad uair</u> sa Ghearmáin
(e) iompraíonn imreoirí scuab (phlaisteach idir a gcosa).
(f) bíonn cineálacha éagsúla liathróidí acu.
(g) déanann siad iarracht cúil a scóráil.
(h) bíonn na foirne measctha
(i) 25 foireann le bheith páirteach ann

**(ii)** *Cén méadú atá tagtha ar an tóir ar an spórt seo? Tabhair sonraí.*

**(Trí cinn ar bith: 3 x 1 mharc)**
(a) ó leabhair Harry Potter
(b) á imirt in go leor tíortha
(c) craobhacha an domhain á reáchtáil
(d) foirne méadaithe ó 7 go 25 le dhá bhliain anuas

**3.** **(4 mharc: (i) 2 x 1 mharc; (ii) 2 x 1 mharc)**

**(i)** *Chuaigh Mitsou ar thuras gan choinne. Tabhair sonraí.*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 1 mharc)**

(a) thaistil sí ocht lá
(b) os cionn 500km / ó Dresden go Dortmund
(c) gan uisce ná bia
(d) i mbeart / i bpacáiste / tríd an bpost
(e) d'éalaigh sí isteach i ngan fhios.

**(ii)** *Cad a tharla nuair a bhain sí ceann scríbe amach?*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 1 mharc)**

(a) bhí sí lag nuair a tháinig sí.
(b) rinne an dochtúir scrúdú ar an gcat.
(c) bhí micrishlis sa chat // fuarthas an t-úinéir.
(d) tugadh an cat abhaile.

**4.** **(6 mharc: (3 x 1) + (3 x 1) )**

*Cad atá i réamhaisnéis na haimsire don lá amárach agus don deireadh seachtaine? Tabhair sonraí.*

**Amárach: (Trí cinn ar bith: 3 x 1 mharc)**

(a) ní athróidh <u>mórán / is beag</u> athrú a bheidh ann
(b) 26 chéim
(c) bogthaise ard
(d) gaoth <u>lag / éadrom</u>
(e) (gaoth) anoir aneas

**An deireadh seachtaine: (Trí cinn ar bith: 3 x 1 mharc)**

(f) níos fuaire
(g) 23 chéim
(h) Ceathanna/ báisteach <u>sa tráthnóna</u>
(i) <u>Oíche</u>: 16 chéim

**TEXT I: LESEVERSTÄNDNIS (60 marc) (20, 14, 14, 12)**

Teastaíonn fianaise gur <u>thuig</u> iarrthóirí an téacs; **athfhriotal** gan ionramháil **san áit ina bhfuil** ionramháil **riachtanach** / ina bhfuil ábhar **nach mbaineann le hábhar na ceiste: leathmharcanna.**
**Lánmharcanna do chodanna le hionramháil.**
**Freagraí i dteanga nár sonraíodh = leathmharcanna)**

**Frage 1: (20 marc: (a) 6 mharc; (b) 6 mharc; (c) 2 mharc; (d) 6 mharc)**
**(a) (6 mharc: 6 x 1 mharc)**
*Wie würde Markus Mehring sein Leben und seinen Beruf beschreiben? (Zeile 1 – 19 / 25 – 27)*
*Schreiben Sie **je drei** kurze informative Sätze **(Präsens)** in Ich-Form.*
**(Trí cinn ar bith: 3 x 1)**
**Forainm mícheart = gearr pionós uair amháin; aimsir mhícheart = gearr pionós uair amháin**

**Mein Leben:**
1. Ich bin vier- oder fünfunddreißig Jahre alt.
2. Ich wohne / lebe in einer Zweizimmerwohnung.
3. Ich habe / die Wohnung hat eine <u>Kochecke / einen Balkon</u>.
4. Ich habe keinen Fernseher.
5. Ich lese <u>Abenteuerromane.</u> // Am liebsten lese ich <u>*Moby Dick*</u>. // <u>*Moby Dick*</u> habe ich schon viermal gelesen.
6. Ich fahre einmal im Jahr (mit dem Zug) <u>für zwei Wochen</u> in eine Ferienpension. // Ich mache einmal im Jahr <u>zwei Wochen</u> Urlaub auf dem Lande.
7. Ich habe keine Zeitung abonniert.
8. Ich bin Mitglied in einem Buchklub. // Ich bekomme viermal im Jahr den Buchklub-Katalog.
9. Ich lebe ein ruhiges Leben.

**(Trí cinn ar bith: 3 x 1)**

**Mein Beruf:**
1. Ich arbeite in einem Amt / Amtsgebäude.
2. Ich habe einen Schreibtisch.
3. Ich sehe Formulare durch / muss Formulare durchsehen.
4. Ich suche (darin) nach Fehlern / muss (darin) nach Fehlern suchen.
5. Ich schicke/ sende die Formulare an eine andere Abteilung / muss sie ... senden.
6. Es gibt schlimmere/ schlechtere Jobs als meinen.
7. Ich bin Staatsangestellter // ich bin unkündbar. // Als Staatsbeamter bin ich unkündbar./ Ich kann meinen Job nicht verlieren.

**(b) (6 mharc: 3 x 2 mharc)**
*Was erfahren wir über Markus Mehrings Familie? Nennen Sie Details. (Zeile 20 – 24)*
**(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc) (Ceadaigh Perfekt / Imperfekt)**

1. Er hat einen Großonkel.
2. Der Großonkel ist taub.
3. Sein Großonkel war früher Lokomotivführer / ist ein ehemaliger Lokführer.
4. Weihnachten feiert er mit ihm / seinem Großonkel.
5. Er hat eine Schwester.
6. Sie ist verheiratet / hat einen Mann.
7. Sie hat / die haben Kinder// Er hat Neffen/ Nichten.
8. Er besucht sie einmal im Monat.

**(c) (2 mharc: 2 x 1 mharc)**
*Wer ist Elvira Schmidt? Geben Sie **zwei** Details. (Zeile 28 – 41)*
**(Dhá cheann ar bith: 2 x 1 mharc)** **(Ceadaigh Perfekt / Imperfekt)**

1. Sie ist <u>jung</u> / eine <u>junge</u> Frau
2. arbeitet bei der Kreditbank// ist Bankangestellte
3. ist verlobt // Ihr Verlobter ist der Chef einer Getränkefabrik

**(d) (6 mharc: 2 + (2 x 2))**
*Elvira macht einen Fehler. **Was** macht sie und **warum**? (Zeile 28 – 41)*

**Was?** **(Ceadaigh Perfekt / Imperfekt)**

drückt eine falsche Taste **(2)**

**Warum? (Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc) (Ceadaigh Perfekt / Imperfekt)**

1. Streit (mit ihrem Verlobten.)
2. Sie ist traurig// hat traurige Gedanken.
3. ist halbblind <u>von Tränen</u>/ hat Tränen in den Augen/ weint

**Ceist 2: (14 mharc: (a) 4 mharc; (b) 10 marc)**
**(a) (4 mharc: 2 x 2 mharc)**
*Conas a athraíonn an aimsir tar éis do Mharkus filleadh abhaile ón obair? Tabhair sonraí.*
**(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)** *(na línte 42 – 54)*

1. <u>tosaíonn sé</u> ag cur báistí. // <u>tá na chéad braonacha báistí</u> ag titim
2. tá toirneach / tintreach ann
3. stoirm(iúil)
4. gaoth/gaofar

**(b) (10 marc: 5 x 2 mharc)**
*Faigheann Markus ráiteas bainc sa phost. Déan cur síos ar an gcaoi a dtéann an ráiteas i bhfeidhm air **agus** ar a chuid smaointe. (na línte 55 – 72)*
**(Cúig cinn ar bith: 5 x 2 mharc)**

1. osclaíonn sé an clúdach litreach
2. níl mórán ionadh air
3. (ceapann sé gur) féidir le bainc botúin a dhéanamh fiú
4. tá mearbhall air
5. ní féidir leis análú
6. mothaíonn sé te
7. tosaíonn an domhan timpeall air ag bogadh
8. stánann sé ar an ráiteas / páipéar
9. feiceann sé na náideanna // feiceann sé an figiúr / tá an méid ag fás agus ag fás // feiceann sé an t-airgead ar fad
10. (ceapann sé) nach féidir gur leis an t-airgead // caithfidh sé gur botún atá ann / botún cló / earráid chló
11. déanann sé plean chun iarracht a dhéanamh an t-airgead a thógáil / an cuntas a dhúnadh
12. mar jóc (dada lena mbaineann riosca)
13. ceapann sé go mb'fhéidir go dtabharfaidh nó nach dtabharfaidh siad / an banc faoi deara é.

**Ceist 3: (14 mharc: (a): 6 mharc; (b): 8 marc)**
**(a) (6 mharc: 3 x 2 mharc)**
*Céard a dhéanann Markus ar deireadh? Tabhair sonraí. (na línte 73 – 90)*

**(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)**

1. téann sé isteach i bhfoirgneamh an bhainc // téann sé isteach sa bhanc.
2. téann sé chuig an gcuntar/airgeadóir/áiritheoir.
3. deir sé gur mian leis a chuntas a dhúnadh.
4. iarrann sé airgead tirim. *(airgead = 1 mharc)*

**(b) (8 marc: 4 x 2 mharc)**
*Cad a dhéanann Markus tar éis dó an banc a fhágáil? Tabhair sonraí. (na línte 91 – 101)*

**(Ceithre cinn ar bith: 4 x 2 mharc)**

1. ag smaoineamh cá rachaidh sé
2. stánann sé ar an tacsaí / Mercedes
3. síneann sé amach a lámh chuig doras an tacsaí/téann sé isteach sa tacsaí
4. smaoiníonn sé faoi dhul abhaile/beartaíonn sé gan dul abhaile.
5. ceapann sé go mb'fhéidir go mbeidís á lorg ansin.
6. cinneann sé dul chuig an aerfort / insíonn sé don tiománaí dul chuig an aerfort.

**Ceist 4: (12 mharc)**
*Sa sliocht seo athraíonn Markus ó bheith ina dhuine ar furasta léamh air go dtí duine a ghníomhaíonn go tobann spontáineach. Tabhair* ***ceithre*** *shampla a léiríonn an t-athrú seo. (Is féidir úsáid teanga* ***agus/nó*** *ábhar a bheith i gceist.)*

**(Má úsáidtear focail/ frásaí Gearmáinise, caithfear iad a mhíniú.)**

**(Ceithre cinn ar bith: 4 x 3 mharc) (NB: Caithfidh gnéithe codarsnachta a bheith sna freagraí)**

**(Ábhar)**

1. Lorgaíonn sé botúin gach lá. Ní thugann sé aon suntas do bhotúin anois. // Bhíodh sé ag cur botúin ar aghaidh chuig daoine eile. Anois baineann sé leas é féin as botún.
2. De ghnáth, téann sé abhaile gach lá. Anois cinneann sé gan dul abhaile/ téann sé chuig an aerfort.
3. Théadh sé ar an tsaoire chéanna gach bliain. Anois níl a fhios cá bhfuil a cheann scríbe / tá sé oscailte.
4. Bhíodh a shaol suaimhneach. Anois tá mearbhall air// níl a fhios aige cén treo le dul.
5. **NB:** Bhíodh a shaol an normálta, gnách, mall. Anois gníomhaíonn sé go tapa / go taghdach (**ag tabhairt sampla, marc do <u>gach</u> sampla**)
6. Níor bhuaigh sé airgead sa Chrannchur riamh. Anois faigheann sé airgead gan ticéad a cheannach.
7. Ní thógadh sé aon riosca riamh. Anois glacann sé an riosca chun an t-airgead a fháil.
8. Théadh sé díreach chuig an obair. Anois téann sé chuig an mbanc. // Anois ní théann.
9. Ní thaispeánadh sé aon mhothúcháin. Anois ní féidir leis análú / mothaíonn sé te / tá a chroí ag bualadh go láidir.
10. Cheana, d'fhágadh sé cinntí faoi dhaoine eile. Anois déanann sé cinntí.
11. Cheana, léadh sé faoi eachtraí. Anois tá sé ag dul ar eachtra.

**(Teanga: Caithfidh iarrthóirí tabhairt le fios go bhfuil pointe á dhéanamh acu maidir le húsáid teanga!)**

1. Ach ansin... (Aber dann…) tugann athrú le fios (l. 28)
2. Bhog an saol go fiáin. (Die Welt schwankte hektisch) (ll. 60-61)
3. Tugann an t-athrú ón Táscach go foshuiteach (könnte (l. 68); wäre (l. 69) féidearthachtaí nua le fios.
4. Athrá "Geld": …das Geld. Geld! Geld auf… (l. 65)
5. Codarsnacht "vielleicht" and "vielleicht auch nicht" (Aber vielleicht, vielleicht – ja vielleicht auch nicht) (ll. 71-72)
6. Úsáid dobhriathra codarsnacha: "go mall, ach ansin níos tapúla agus níos tapúla." (ll. 73-74)
7. Fallás mothaitheach: léiríonn / tuarann an t-athrú san aimsir nó tá sé ina mheafar don athrú a thagann air.

**TEXT I: ANGEWANDTE GRAMMATIK (25)**

**1.** *Sie sehen unten Sätze, in denen* ***bestimmte Artikel*** *unterstrichen sind. Sehen Sie sich das Beispiel an. Geben Sie nun für die anderen* ***fünf bestimmten Artikel*** *jeweils an:*

- *ob Singular oder Plural*
- *bei Singular das Geschlecht (feminin, maskulin, neutrum)*
- *den Fall (Nominativ, Akkusativ, Dativ, Genitiv)*

**(15 mharc: 5 x 3)**

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **(1)** | des: | Singular | **(1)**, | maskulin | **(1)**, | Genitiv | **(1)** |
| **(2)** | den: | Singular | **(1)**, | maskulin | **(1)**, | Akkusativ | **(1)** |
| **(3)** | der: | Singular | **(1)**, | feminin | **(1)**, | Dativ | **(1)** |
| **(4)** | der: | Singular | **(1)**, | maskulin | **(1)**, | Nominativ | **(1)** |
| **(5)** | die: | Plural | **(2)**, | Akkusativ | **(1)** | | |

**2.** *Schreiben Sie die folgenden unterstrichenen Verben* ***im Präsens*** *wie im Beispiel.*

**(10 marc: 5 x 2)**

**(1)** ... liest **(2)**

**(2)** ... arbeitet **(2)**

**(3)** ... gibt **(2)**

**(4)** ... fährt **(2)**

**(5)** ... gewinnt **(2)**

**TEXT II: LESEVERSTÄNDNIS (60 marc)** **(16, 20, 14, 10)**

**N.B.:** Teastaíonn fianaise gur **thuig** iarrthóirí an téacs.
**Athfhriotal** gan ionramháil **áit a bhfuil** ionramháil **riachtanach**/ina bhfuil ábhar **coimhthíoch**: **leathmharcanna. Lánmharcanna do chodanna le hionramháil.**
**Freagraí i dteanga nár sonraíodh = leathmharcanna.**

**Frage 1: (16 mharc: a = 8 marc; b = 4 mharc; c = 4 mharc)**
**(a) (8 marc)**
*Im Artikel findet man allgemeine Informationen über Straßenkinder in Deutschland und speziell in Hamburg. Geben Sie Details. (Zeile 1 – 25)*

**(Ceithre cinn ar bith: 4 x 2 mharc)**

1. 29.000 (Straßenkinder/ obdachlose Kinder und Jugendliche/ unter 18.)
2. In Hamburg gibt es ein Zentrum/ ein Projekt namens KIDS/ eine Anlaufstelle <u>für sie</u>.
3. Hamburger Straßenkinder sind eine bunte/ punkige/ gemischte Gruppe.
4. mit Dreadlocks/ Piercings/ gefärbten Haaren. **(Dhá cheann ar bith: 1,1)**
5. tief sitzende Hosen/ Baseballmützen / Hotpants/ Pferdeschwanz. **(Dhá cheann ar bith: 1,1)**

**(b) (4 mharc)**
*Mit welchem Problem sieht sich das Projekt KIDS konfrontiert? (Zeile 35 – 52)*
**(4 mharc: 2 x 2 mharc)**

**(Aimsir Mhícheart = Gearr pionós uair amháin)**

1. *KIDS* / die Anlaufstelle wird obdachlos./ KIDS muss aus dem Haus./ Die Anlaufstelle könnte schließen// kein Platz mehr für KIDS.
2. Das Haus wurde verkauft.
3. Das Haus/ Gebäude/ Dach/ die Fassade soll modernisiert/ umgebaut werden/ wird modernisiert/ umgebaut.
4. Umbau dauert zwei Jahre./ Haus zwei Jahre lang geschlossen.

**(c) (4 mharc)**
*Beschreiben Sie den Protest der Straßenkinder und ihres Leiters. (Zeile 25 – 34)*
**(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)**

**(Ceadaigh Perfekt/Imperfekt)**

1. Sie protestieren zusammen.
2. Sie protestieren auf der Straße.
3. Sie haben Sofas/ Tische/ Möbel/ Einrichtung auf die Straße gebracht.
4. Sie zeigen, wie es ist, wenn das Projekt obdachlos wird.

**Freagair Ceist 2 agus Ceist 3 i nGaeilge.**

**Ceist 2: (20 marc: a = 8 marc; b = 12 mharc)**
**(a) (8 marc: 4 x 2 mharc)**
*Déan cur síos ar an tionchar a bhí ag KIDS ar shaol Anna. Tabhair sonraí. (na línte 53 – 75)*

**(Ceithre cinn ar bith: 4 x 2 mharc) (Aimsir Mhícheart: Gearr pionós uair amháin)**

1. D'úsáid sí é ar feadh dhá bhliain.
2. ról an-tábhachtach di.
3. fuair sí na rudaí riachtanacha ar fad/ bunriachtanais an tsaoil ann.
4. fuair sí bia.
5. d'fhéadfadh sí cith a thógáil.
6. fuair sí cúnamh mothúchánach// d'fhéadfadh sí labhairt le duine éigin i gcónaí.
7. cuireadh ina luí uirthi dul chuig an oifig (leas) óige.
8. d'imigh sí den tsráid/ ní raibh sí gan dídean a thuilleadh// fuair sí áit in árasán.

**(b) (12 mharc: 4, 8 marc)**
*Tabhair mionchur síos ar fhoireann KIDS **agus** mínigh cad a dhéanann siad chun cabhrú le páistí na sráideanna. (na línte 87 – 121)*

**(4 mharc)**
**(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)**

**Foireann:**
1. dáréag/ 12 oibrithe sóisialta
2. mná agus fir
3. ar fad cáilithe
4. altra

**(8 marc)**
**(Ceithre cinn ar bith: 4 x 2 mharc)**

**Céard:**
1. (le chéile) cabhraíonn siad leo dídean a fháil
2. éisteann siad le himní/ fadhbanna
3. (déanann siad iarracht) muinín a fhorbairt
4. foighne a léiriú
5. tugann siad a gcuid ama
6. cuidíonn siad le leanaí sráide labhairt le daoine fásta arís
7. cuidíonn siad leo dearcadh a fháil arís
8. téann siad leo chuig an oifig (leas) óige
9. cabhraíonn siad leo teiripe a fháil
10. cabhraíonn siad leo áit chodlata / cóiríocht a fháil
11. tugann siad comhairle i gcásanna coimhlinte
12. tá siad ag iarraidh casadh le leanaí sráide san áit ina gcónaíonn siad

